AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA | AN CHOMHAIRLE

**An Bhruiséil, 12 Nollaig 2018**
**(OR. en)**

**2017/0004 (COD)**

**PE-CONS 60/18**

**SOC 640**
**EMPL 488**
**SAN 343**
**IA 328**
**CODEC 1756**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair |

**TREOIR (AE) 2018/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Treoir 2004/37/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (b) d'Airteagal 153(2), i gcomhar le pointe (a) d'Airteagal 153(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

---

[1] IO C 288, 31.8.2017, lch. 56.
[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Nollaig 2018 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ….

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is é aidhm Threoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] oibrithe a chosaint i gcoinne rioscaí dá sláinte agus dá sábháilteacht a thagann as nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha sa láthair oibre. Leis an Treoir sin, foráiltear do leibhéal comhsheasmhach cosanta ar na rioscaí a bhaineann le carcanaiginí nó só-ghineacha trí bhíthin chreat na bprionsabal ginearálta ionas gur féidir leis na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear na ceanglais íosta i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach. Is gnéithe tábhachtacha de na socruithe ginearálta maidir le cosaint oibrithe a bunaíodh faoin Treoir sin, na teorainnluachanna ceangailteacha um nochtadh ag an obair arna mbunú ar bhonn na faisnéise infhaighte, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, indéantacht eacnamaíoch, measúnú críochnúil ar thionchar socheacnamaíoch agus infhaighteacht prótacal agus teicnící um nochtadh a thomhas sa láthair oibre. Sa chomhthéacs sin, tá sé bunriachtanach go gcuirfí prionsabal an réamhchúraim san áireamh i gcás éiginnteachtaí. Is é is aidhm do na ceanglais íosta dá bhforáiltear sa Treoir sin oibrithe a chosaint ar leibhéal an Aontais. Is féidir leis na Ballstáit teorainnluachanna ceangailteacha níos déine maidir le nochtadh ag an obair, mar aon le bearta cosanta eile, a leagan síos iad féin.

1 Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le bheith faoi lé carcanaiginí nó só-ghiniginí ar an láthair oibre (an séú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50).

(2) Is cuid de na bearta bainistithe riosca atá i dTreoir 2004/37/CE na teorainnluachanna céanna sin um nochtadh ag an obair. Ní dochar comhlíonadh na dteorainnluachanna sin do na ceanglais eile a leagfar ar fhostóirí de bhun na Treorach sin, go háirithe laghdú ar úsáid carcanaiginí agus só-ghineach ar an láthair oibre, nochtadh na n-oibrithe do charcanaiginí agus do shó-ghineacha a chosc nó a laghdú, agus bearta is ceart a chur chun feidhme chun na críche sin. Ach é a bheith indéanta go teicniúil, is ceart a áireamh ar na bearta sin go bhféadfaí carcanaigin nó só-ghineach a bhaint agus substaint, meascán nó próiseas nach bhfuil contúirteach do shláinte na n-oibrithe nó ar lú a gcontúirt do shláinte na n-oibrithe a chur ina n-ionad, sin nó córas dúnta a úsáid, nó bearta eile darb aidhm leibhéal an nochta a laghdú a mhéid is féidir do na hoibrithe.

(3) I dtaca le formhór na gcarcanaiginí agus na só-ghineach, ní acmhainn don eolaíocht leibhéil a shainaithint nach mbeadh éifeachtaí díobhálacha ann faoina mbun. Bíodh is nach féidir na rioscaí do shláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe as nochtadh do charcanaiginí nó do shó-ghineacha ag an obair (i.e. riosca iarmharach) a dhíothú trí theorainnluachanna a leagan síos don láthair oibre de bhun na Treorach seo, ní beag an cúnamh sin, mar sin féin, mar go laghdaítear go mór na rioscaí a eascraíonn ó nochtadh dá leithéid, a bhuí leis an gcur chuige céim ar chéim agus cuspóir-dírithe de bhun Threoir 2004/37/CE. I dtaca le carcanaiginí agus só-ghineacha eile, is acmhainn don eolaíocht leibhéil a shainaithint nár dhóigh go dtarlódh éifeachtaí díobhálacha faoina mbun.

(4) I dtaca le huasleibhéil nochtadh na n-oibrithe do charcanaiginí nó do shó-ghineacha, is le teorainnluachanna a bhunaítear iad agus, de bhun Threoir 2004/37/CE, ní ceadmhach na teorainnluachanna sin a shárú. Ba cheart na teorainnluachanna sin a athbhreithniú agus ba cheart teorainnluachanna a leagan síos maidir le carcanaiginí agus só-ghineacha breise.

(5) Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na teorainnluachanna a leagtar síos sa Treoir seo, nuair is gá sin, i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla agus dea-chleachtais fhianaise-bhunaithe, teicnící fianaise-bhunaithe agus prótacail fhianaise-bhunaithe maidir le leibhéil nochta a thomhas ar an láthair oibre. Ba cheart sonraí maidir le rioscaí iarmharacha do shláinte na n-oibrithe agus na tuairimí a fuarthas ón gCoiste Eolaíoch um Theorainneacha Nochta Ceirde (SCOEL) agus ón gCoiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (ACSH) a bheith san áireamh ar an bhfaisnéis sin, más féidir. I dtaca le faisnéis a bhaineann le riosca iarmharach agus a chuirtear ar fáil go poiblí ar leibhéal an Aontais, ní beag an éadáil sin i ndáil lena ndéanfar amach anseo ar mhaithe le teorainn a chur leis na rioscaí a eascraíonn ón nochtadh do charcanaiginí agus do shó-ghineacha, lena n-áirítear aon athbhreithniú a dhéanfar feasta ar theorainnluachanna a leagtar síos sa Treoir seo.

(6) Tráth nach déanaí ná an chéad ráithe de 2019, ba cheart don Choimisiún, agus na forbairtí is déanaí ar an eolas eolaíoch á gcur san áireamh aige, measúnú a dhéanamh ar an rogha chun raon feidhme Threoir 2004/37/CE a leasú chun substaintí atá tocsaineach don atáirgeadh a áireamh. Ar an mbonn sin, ba cheart don Choimisiún togra reachtach a thíolacadh, i gcás inarb iomchuí, tar éis dó dul i gcomhairle leis an lucht bainistíochta agus leis an lucht saothair.

(7) I dtaca le carcanaiginí neamhthairsí áirithe, níl sé indéanta teorainnluach nochta sláintebhunaithe a dhíorthú ina leith, ach is féidir teorainnluach a leagan síos do na carcanaiginí sin ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla.

(8) I dtaca le cuid de na carcanaiginí agus só-ghineacha, chun an leibhéal cosanta is airde is féidir a áirithiú, ní mór a thabhairt san áireamh go bhféadfadh conairí ionsúcháin eile a theacht i gceist, lena n-áirítear tógáil tríd an gcraiceann.

(9) Cuidíonn SCOEL leis an gCoimisiún, go háirithe leis na sonraí eolaíocha is deireanaí dá bhfuil ar fáil a mheas, agus le teorainnluachanna um nochtadh ag an obair a mholadh ar mhaithe le hoibrithe a chosaint ar rioscaí ceimiceacha, a bheith le socrú ar leibhéal an Aontais de bhun Threoir 98/24/CE ón gComhairle[1] agus Threoir 2004/37/CE. Comhlacht trípháirteach a thugann cúnamh don Choimisiún maidir le hullmhú, le cur chun feidhme agus le meastóireacht na ngníomhaíochtaí i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair is ea ACSH. Go háirithe, glacann ACSH tuairimí trípháirteacha i ndáil le tionscnaimh lena ndéantar teorainnluachanna nochta ag an obair a shocrú ar leibhéal an Aontais ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, mar aon le sonraí maidir le gnéithe sóisialta agus indéantacht eacnamaíoch na dtionscnamh sin. Breithníodh freisin ar fhoinsí eile faisnéise eolaíche, a bhí sách iontaofa agus san fhearann poiblí, go háirithe an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Thaighde ar Ailse (IARC), an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus gníomhaireachtaí náisiúnta.

---

1 Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibrithe a chosaint ó phriacail a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 05.05.1998, lch. 11).

(10) Tá obair SCOEL agus trédhearcacht na hoibre sin ríthábhachtach chun próiseas beartais atá freagrach a bhaint amach. Má tá obair SCOEL le hatheagrú, ba cheart acmhainní tiomnaithe a ráthú agus níor cheart saineolas sonrach maidir le heipidéimeolaíocht, tocsaineolaíocht, míochaine shaothair agus sláinteachas oibre a chailleadh.

(11) Na leasuithe ar Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE dá bhforáiltear sa Treoir seo, is céim bhreise iad i bpróiseas fadtéarmach chun Treoir 2004/37/CE a thabhairt cothrom le dáta. Mar an chéad chuid eile den phróiseas sin, thíolaic an Coimisiún togra maidir le teorainnluachanna agus nodaireachtaí craicinn a bhunú i dtaca le cúig cinn de charcanaiginí breise. Thairis sin, ina theachtaireacht an 10 Eanáir 2017 dar teideal "Obair níos Sábháilte agus níos Folláine do Chách - Nuachóiriú ar Reachtaíocht agus ar Bheartas an Aontais maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde " [Safer and Healthier Work for All - Modernisation of the EU Occupational Safety and Health Legislation and Policy], chuir an Coimisiún in iúl gur cheart leasuithe breise a dhéanamh ar Threoir 2004/37/CE. Ba cheart don Choimisiún, ar bhonn leanúnach, leanúint dá chuid oibre maidir le nuashonruithe ar Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE, i gcomhréir le hAirteagal 16 de sin agus leis an ngnáthchleachtas, agus ba cheart dó iad a leasú nuair is gá sin, i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla arna bhfáil i rith an ama, amhail sonraí a bhaineann le riosca iarmharach. Ba cheart gurbh é a bheadh mar thoradh ar an obair sin, i gcás inarb iomchuí, moltaí maidir le hathbhreithnithe a dhéanfar amach anseo ar na teorainnluachanna atá leagtha amach i dTreoir 2004/37/CE agus sa Treoir seo, mar aon le moltaí le haghaidh substaintí breise, meascáin agus próisis bhreise in Iarscríbhinn I agus teorainnluachanna breise in Iarscríbhinn III.

(12) Is den tábhacht go gcosnófar oibrithe a nochtar do shubstaintí carcanaigineacha nó do shubstaintí só-ghineacha a scaoiltear agus drugaí guaiseacha a bheith á n-ullmhú, á riar nó á ndiúscairt, lena n-áirítear drugaí cíteastatacha nó cíteatocsaineacha, agus obair lena mbaineann nochtadh do shubstaintí carcanaigineacha nó substaintí só-ghineacha mar gheall ar dhrugaí guaiseacha nó ábhair atá éillithe ag drugaí guaiseacha a bheith á nglanadh, á n-iompar, á ní agus á ndiúscairt agus i gcúram pearsanta othar atá á gcóireáil le drugaí guaiseacha. Mar an chéad chéim, d'eisigh an Coimisiún comhairle i ndáil leis na rioscaí sláinte agus sábháilteachta ag an obair a laghdú in earnáil an chúraim sláinte, lena n-áirítear maidir leis an riosca a bhaineann leis an nochtadh do dhrugaí cíteastatacha nó cíteatocsaineacha, i dtreoir thiomnaithe i ndáil leis an gcosc agus leis an dea-chleachtas. Ní dochar an chomhairle sin do thograí reachtacha eile nó tionscnaimh eile a d'fhéadfaí a dhéanamh.

(13) I gcomhréir le moltaí SCOEL agus ACSH, nuair atá fáil orthu, bunaítear teorainnluachanna do bhealach ionanálaithe an nochta maidir le tréimhse thagartha ocht n-uaire mar mheán ualaithe thar thréimhse ama (teorainnluachanna nochta fhadtéarmaigh) agus, i gcás carcanaiginí agus só-ghineacha áirithe maidir le tréimhse tagartha níos giorra, cúig nóiméad déag mar mheán ualaithe thar thréimhse ama i gcoitinne (teorainnluachanna nochta ghearrthéarmaigh), chun na héifeachtaí a eascraíonn as nochtadh gearrthéarmach a theorannú, a mhéid is féidir. Socraítear freisin nodaireachtaí craicinn i gcomhréir le moltaí SCOEL agus le moltaí ACSH. Ba cheart foinsí breise faisnéise eolaíche atá sách iontaofa agus san fhearann poiblí a chur san áireamh freisin.

(14) Ba cheart an prionsabal go ndéanfaí cosc ar an láthair oibre a chur chun cinn freisin maidir le héifeachtaí carcanaiginí agus le héifeachtaí só-ghineach ar na glúine atá le teacht acu, amhail tionchair dhiúltacha ar an acmhainn atáirgthe d'fhir agus do mhná araon, agus ar fhorbairt an fhéatais. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit dea-chleachtais a chomhroinnt sa réimse sin.

(15) Tá dóthain fianaise ann maidir le carcanaigineacht na n-olaí mianracha sin a úsáideadh in innill dócháin inmheánaigh chun na páirteanna a ghluaiseann laistigh den inneall a bhealú agus a fhuarú. Ó tharla gur trí phróiseas a ghintear na holaí innill mianracha úsáidte sin, ní faoi réir a n-aicmithe iad i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Shainaithin SCOEL an fhéidearthacht go dtarlódh ionsúchán suntasach tríd an gcraiceann i gcás na n-olaí sin, agus measadh go dtarlaíonn nochtadh ag an obair tríd an mbealach deirmeach agus moladh go láidir nodaireacht craicinn a bhunú. D'aontaigh ACSH gur cheart olaí innill mianracha úsáidte a chur leis na substaintí carcanaigineacha agus na meascáin agus próisis charcanaigineacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE agus go bhféadfadh sé go dtarlódh ionsúchán suntasach tríd an gcraiceann. I dtaca leis an nochtadh deirmeach, is féidir úsáid a bhaint as raon de na cleachtais is fearr chun an nochtadh sin a theorannú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as trealamh cosanta pearsanta, amhail lámhainní, agus éadaí éillithe a ghlanadh agus a dhiúscairt. Ach na cleachtais sin agus cleachtais eile ar gearr uainn anois iad á gcomhlíonadh ina n-iomláine, d'fhéadfaí an nochtadh sin a laghdú. Dá bhrí sin, i ndail le hobair ina dtarlaíonn nochtadh d'olaí mianracha a úsáideadh in innill dócháin inmheánaigh chun na páirteanna a ghluaiseann laistigh den inneall a bhealú agus a fhuarú, is iomchuí í a chur in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE agus nodaireacht craicinn a shannadh di in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE lena léirítear go bhféadfadh ionsúchán suntasach tríd an gcraiceann a tharlú.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 ar aicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

(16) Tá dóthain fianaise ann maidir le carcanaigineacht astaíochtaí sceite innill díosail a thagann as breosla díosail a dhó in innill adhainte comhbhrú. Ó tharla gur le próiseas a ghintear na hastaíochtaí sceite innill díosail sin, ní faoi réir a n-aicmithe iad i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Chomhaontaigh ACSH gur cheart astaíochtaí traidisiúnta innill díosail a chur leis na substaintí carcanaigineacha agus na meascáin agus próisis charcanaigineacha atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE agus d'iarr sé tuilleadh imscrúduithe a dhéanamh ar ghnéithe eolaíocha agus teicniúla cineálacha nua inneall. Tá astaíochtaí sceite innill díosail rangaithe ag IARC ina gcarcanaigineach i gcás daoine (IARC chatagóir 1) agus tá sé sonraithe ag IARC, cé gur lú líon na gcáithníní agus na gceimiceán sna cineálacha nua inneall díosail, nach bhfuil sé soiléir fós an mbeidh difríochtaí sna héifeachtaí sláinte mar gheall ar na hathruithe cainníochtúla agus cáilíochtúla sin. Tá sé sonraithe freisin ag IARC gur gnáth go n-úsáidtear an carbón eiliminteach, ar cuid shuntasach de na hastaíochtaí sin é, mar chomhartha nochta. I bhfianaise an méid sin thuasluaite agus líon na n-oibrithe atá nochta, is iomchuí obair lena mbaineann nochtadh d'astaíochtaí sceite innill díosail a chur san áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/37/CE agus teorainnluach a bhunú do dhíosal in Iarscríbhinn III a ghabhann leis d'astaíochtaí sceite innill díosail arna ríomh ar charbón eiliminteach. Ba cheart astaíochtaí sceite ó gach cineál innill díosail a chumhdach leis na hiontrálacha in Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE.

(17) Maidir le hastaíochtaí sceite innill díosail, d'fhéadfadh sé gur deacair teorainnluach de 0.05 mg/m³, arna thomhas mar charbón eiliminteach, a bhaint amach sa ghearrthéarma. Ba cheart, dá bhrí sin, idirthréimhse dhá bhliain a thabhairt isteach, de bhreis ar an tréimhse don trasuí, sula mbeadh feidhm ag an teorainnluach. I gcás earnálacha na mianadóireachta faoi thalamh agus na tógála tollán, afách, ba cheart idirthréimhse cúig bliana a thabhairt isteach, de bhreis ar an tréimhse trasuite, sula mbeadh feidhm ag an teorainnluach.

(18) Tá meascáin áirithe de hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha (PAHanna) ann, go háirithe iad siúd ina mbíonn beinsi[a]piréin, agus ó tharla go gcomhlíonann siad na critéir sin a d'fhágfadh in aicme na gcarcanaiginí (catagóir 1A nó 1B) iad i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, is carcanaiginí iad mar a shainmhínítear i dTreoir 2004/37/CE. D’fhéadfadh nochtadh do mheascáin den sórt sin tarlú agus obair a bhaineann le próisis dócháin ar siúl, amhail ó dhóchán sceite innill, agus próisis dócháin ardteochta, i measc nithe eile. Shainaithin SCOEL an fhéidearthacht go dtarlódh ionsúchán suntasach tríd an gcraiceann i gcás na meascán sin agus d'aontaigh ACSH ar a thábhachtaí atá sé teorainnluach don nochtadh do mheascáin PAHanna ag an obair a thabhairt isteach agus mhol sé go ndéanfaí an obair mheastóireachta ar na gnéithe eolaíocha d'fhonn teorainnluach don nochtadh ag an obair a mholadh amach anseo. Is iomchuí, dá bhrí sin, nodaireacht craicinn a shannadh dó in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE ina léirítear an fhéidearthacht maidir le hionsúchán suntasach tríd an gcraiceann. Ba cheart imscrúduithe breise a dhéanamh freisin lena mheasúnú an gá teorainnluach a shocrú do mheascáin PAHanna d'fhonn oibrithe a chosaint ar na meascáin sin ar bhealach níos fearr.

(19) Comhlíonann tríchlóireitiléin na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin í mar a shainmhínítear i dTreoir 2004/37/CE. Shainaithin SCOEL tríchlóireitiléine mar charcanaigin ghéineatocsaineach. Ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, is féidir teorainnluachanna a leagan síos do thríchlóireitiléin i ndáil le tréimhse thagartha dar fad ocht n-uaire an chloig (teorainnluach nochta fhadtéarmaigh), agus i ndáil le tréimhse thagartha am-ualaithe is giorra ná sin dar fad cúig nóiméad déag (teorainnluach nochta ghearrthéarmaigh). Shainaithin SCOEL an fhéidearthacht go dtarlódh ionsúchán suntasach tríd an gcraiceann i gcás na carcanaigine sin agus chomhaontaigh ACSH teorainnluach praiticiúil, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluachanna fadtéarmacha agus gearrthéarmacha a bhunú do thríchlóireitiléin agus nodaireacht craicinn a shannadh dóibh in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE ina léirítear an fhéidearthacht maidir le hionsúchán suntasach tríd an gcraiceann. Ó tharla go mbíonn an fhianaise eolaíoch ag síorfhorbairt agus go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh, ba cheart grinn-athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar theorainnluachanna na substainte sin.

(20) Comhlíonann 4,4'-Mheitiléindi-ainilín (MDA) na critéir lena chur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin é mar a shainmhínítear i dTreoir 2004/37/CE. Chinn SCOEL nach féidir teorainnluach sláintebhunaithe a dhíorthú i gcás na carcanaigine neamhthairsí sin. Ach is féidir, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, teorainnluach a shocrú i gcás 4,4'-Mheitiléindi-ainilín. Shainaithin SCOEL an fhéidearthacht go dtarlódh ionsúchán suntasach tríd an gcraiceann i gcás na carcanaigine sin agus chomhaontaigh ACSH teorainnluach praiticiúil, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do 4,4'-Mheitiléindi-ainilín agus nodaireacht craicinn a shannadh dó in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE ina léirítear an fhéidearthacht maidir le hionsúchán suntasach tríd an gcraiceann.

(21) Comhlíonann eipeaclóraihidrin (1-clóra-2,3-eapocsaprópán) na critéir lena chur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin é de réir an tsainmhínithe atá i dTreoir 2004/37/CE. Chinn SCOEL nach féidir teorainnluach sláintebhunaithe a dhíorthú don charcanaigin neamhthairsí sin agus tá sé molta aige nochtadh ceirde a sheachaint. Shainaithin SCOEL an fhéidearthacht go dtarlódh ionsúchán suntasach tríd an gcraiceann i gcás eipeaclóraihidrin agus chomhaontaigh ACSH teorainnluach praiticiúil, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú d'eipeaclóraihidrin agus nodaireacht craicinn a shannadh dó in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE ina léirítear an fhéidearthacht maidir le hionsúchán suntasach tríd an gcraiceann.

(22) Comhlíonann débhróimíd eitiléine (1,2-débhróimeatán, EDB) na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin í mar atá sainmhínithe i dTreoir 2004/37/CE. Chinn SCOEL nach féidir teorainnluach sláintebhunaithe a dhíorthú don charcanaigin neamhthairsí sin agus tá sé molta aige nochtadh ceirde a sheachaint. Shainaithin SCOEL an fhéidearthacht go dtarlódh ionsúchán suntasach tríd an gcraiceann i gcás débhróimíd eitiléine agus chomhaontaigh ACSH teorainnluach praiticiúil, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do 4,4'-Mheitiléindi-ainilín agus nodaireacht craicinn a shannadh dó in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE ina léirítear an fhéidearthacht maidir le hionsúchán suntasach tríd an gcraiceann.

(23) Comhlíonann déchlóiríd eitiléine (1,2-déchlóireatán, EDC) na critéir lena cur in aicme charcanaigineach (catagóir 1B) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 agus, dá bhrí sin, is carcanaigin í mar atá sainmhínithei dTreoir 2004/37/CE. Chinn SCOEL nach féidir teorainnluach sláintebhunaithe a dhíorthú i gcás na carcanaigine neamhthairsí sin. Ach is féidir, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear faisnéis eolaíoch agus theicniúil, teorainnluach a shocrú i gcás déchlóiríd eitiléine. Shainaithin SCOEL an fhéidearthacht go dtarlódh ionsúchán suntasach tríd an gcraiceann i gcás déchlóiríd eitiléine agus chomhaontaigh ACSH teorainnluach praiticiúil, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil, lena n-áirítear sonraí eolaíocha agus teicniúla, agus béim á leagan aige ar an easpa sonraí eolaíocha iontaofa cothrom le dáta atá ann, go háirithe sa mhéid a bhaineann le modh gníomhaíochta. Is iomchuí, dá bhrí sin, teorainnluach a bhunú do dhéchlóiríd eitiléine agus nodaireacht craicinn a shannadh dó in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2004/37/CE ina léirítear an fhéidearthacht maidir le hionsúchán suntasach tríd an gcraiceann.

(24) De bhun "Agreement on Workers' Health Protection Through the Good Handling and Use of Crystalline Silica and Products Containing it", arna shíniú ag comhlachais atá ina mbaill den Líonra Eorpach um Shilice (NEPSI) agus ag comhaontuithe na gcomhpháirtithe sóisialta eile ina gcuirtear treoir agus uirlisí ar fáil chun tacú, i dteannta leis na bearta rialála, le cur chun feidhme éifeachtach oibleagáidí na bhfostóirí a leagtar síos i dTreoir 2004/37/CE. Agus urraim á tabhairt dá neamhspleáchas, ba cheart don Choimisiún na comhpháirtithe sóisialta a spreagadh chun comhaontuithe den sórt sin a chur i gcrích. Níor cheart, áfach, go n-eascródh toimhde comhréireachta le hoibleagáidí na bhfostóirí a leagtar síos i dTreoir 2004/37/CE as comhaontuithe den sórt sin. Ba cheart liosta cothrom le dáta de chomhaontuithe den sórt sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA).

(25) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le ACSH agus chuaigh sé i mbun comhairliúchán dhá chéim leis na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha i gcomhréir le hAirteagal 154 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(26) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar leis na prionsabail atá cumhdaithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe in Airteagal 31(1) de.

(27) Déanfar athbhreithniú leanúnach ar na teorainnluachanna atá bunaithe sa Treoir seo i bhfianaise chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus tuairimí an dá choiste de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceáin (ECHA) (an Coiste um Measúnú Riosca (RAC) agus an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch (SEAC)), go háirithe chun an idirghníomhaíocht idir teorainnluachanna atá bunaithe i dTreoir 2004/37/CE agus gaolmhaireachtaí idir dáileog agus freagairt, faisnéis nochta iarbhír, agus, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, DNELanna (Leibhéil Dhíorthaithe gan Éifeacht) a dhíorthaítear do cheimiceáin ghuaiseacha i gcomhréir leis an Rialachán sin a chur san áireamh d'fhonn cosaint éifeachtach a thabhairt d'oibrithe.

(28) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach, ar cuspóirí iad chun dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú agus sláinte oibrithe a chosaint ar na rioscaí sonracha a eascraíonn as an nochtadh do charcanaiginí agus do shó-ghineacha, agus de bharr a fhairsinge agus a iarmhairtí, gur féidir iad a ghnóthú ar bhonn níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht,Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

(29) Ó tharla gur le cosaint sláinte agus sábháilteacht oibrithe ina n-ionad oibre a bhaineann an Treoir seo, ba cheart í a thrasuí lastigh de dhá bhliain ó dháta a theacht i bhfeidhm.

(30) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2004/37/CE a leasú dá réir.

(31) I gcomhréir leis an Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin[1], ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad lena mínítear an gaol idir codanna de threoir agus an chuid sin de na hionstraimí náisiúnta trasuite a chomhfhreagraíonn dóibh. I ndáil leis an Treoir seo, measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

[1] IO C 369, 17.12.2011, lch 14.

*Airteagal 1*

Leasaítear Treoir 2004/37/CE mar a leanas:

(1) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:

"*Airteagal 13a*
*Comhaontuithe na gcomhpháirtithe sóisialta*

Liostófar comhaontuithe na gcomhpháirtithe sóisialta a bhféadfaí a thabhairt chun críche i réimse na Treorach seo ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta Eorpaigh um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA). Tabharfar an liosta sin cothrom le dáta go rialta.";

(2) In Iarscríbhinn I, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

"7. Obair ina dtarlaíonn nochtadh deirmeach d'olaí mianracha a úsáideadh in innill dócháin inmheánaigh chun na páirteanna a ghluaiseann laistigh den inneall a bhealú agus a fhuarú".

8. Obair a bhaineann le sceitheadh astaíochtaí ó innill díosail.";

(3) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn III.

*Airteagal 2*

1. Tabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh tráth nach déanaí ná dhá bhliain tar éis dháta a theacht i bhfeidhm. Cuirfidh siad téacs na mbeart sin in iúl don Choimisiún láithreach. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an tslí le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs bhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh in/sa …,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

**IARSCRÍBHINN**

"IARSCRÍBHINN III

TEORAINNLUACHANNA AGUS FORÁLACHA EILE ATÁ ÁBHARTHA GO DÍREACH (AIRTEAGAL 16)

A. TEORAINNLUACHANNA MAIDIR LE NOCHTADH AG AN OBAIR

| Ainm an oibreáin | Uimh. CE([1]) | Uimh. CAS([2]) | Teorainnluachanna | | | | | | Nodaireacht | Bearta idirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uaire an chloig ([3]) | | | Gearrthéarmach ([4]) | | | | |
| | | | $mg/m^3$ ([5]) | csm ([6]) | f/ml ([7]) | $mg/m^3$([5]) | Csm([6]) | f/ml([7]) | | |
| Mionrabh crua-adhmaid | – | – | 2([8]) | – | – | – | – | – | – | Teorainnluach de 3 $mg/m^3$ go dtí 17 Eanáir 2023 |

| Ainm an oibreáin | Uimh. CE([1]) | Uimh. CAS([2]) | Teorainnluachanna | | | | | | Nodaireacht | Bearta idirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uaire an chloig ([3]) | | | Gearrthéarmach ([4]) | | | | |
| | | | $mg/m^3$ ([5]) | csm ([6]) | f/ml ([7]) | $mg/m^3$([5]) | Csm([6]) | f/ml([7]) | | |
| Cumaisc de Chróimiam (VI) ar carcanaiginí iad de réir bhrí phointe (i) d'Airteagal 2 (a)<br><br>(mar chróimiam) | – | – | 0,005 | – | – | – | – | – | – | Teorainnluach de 0,010 $mg/m^3$ go dtí 17 Eanáir 2023<br><br>Teorainnluach: 0.025 $mg/m^3$ le haghaidh próisis táthúcháin nó próisis ghearrtha plasma nó próisis oibre atá cosúil leo sin agus a ghineann múch, agus sin go dtí 17 Eanáir 2025 |

| Ainm an oibreáin | Uimh. CE([1]) | Uimh. CAS([2]) | Teorainnluachanna | | | | | | Nodaireacht | Bearta idirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uaire an chloig ([3]) | | | Gearrthéarmach ([4]) | | | | |
| | | | $mg/m^3$ ([5]) | csm ([6]) | f/ml ([7]) | $mg/m^3$ [(5)] | Csm[(6)] | f/ml[(7)] | | |
| Snáithíní ceirmeacha teasfhulangacha ar carcanaiginí iad de réir bhrí phointe (i) d'Airteagal 2 (a) | – | – | – | – | 0,3 | – | – | – | – | |
| Deannach silice criostalta inanálaithe | – | – | 0,1([9]) | – | – | – | – | – | – | |
| Beinséin | 200-753-7 | 71-43-2 | 3,25 | 1 | _ | _ | _ | _ | craiceann([10]) | |
| Monaiméir de chlóiríd vinile | 200-831-0 | 75-01-4 | 2,6 | 1 | _ | _ | _ | _ | _ | |
| Ocsaíd eitiléine | 200-849-9 | 75-21-8 | 1,8 | 1 | _ | _ | _ | _ | craiceann([10]) | |
| 1,2-eapocsaprópán | 200-879-2 | 75-56-9 | 2,4 | 1 | _ | _ | _ | _ | _ | |
| Tríchlóireitiléin | 201 -167 - 4 | 79 -01 -6 | 54,7 | 10 | _ | 164,1 | 30 | _ | craiceann([10]) | |

| Ainm an oibreáin | Uimh. CE([1]) | Uimh. CAS([2]) | Teorainnluachanna | | | | | | Nodaireacht | Bearta idirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uaire an chloig ([3]) | | | Gearrthéarmach ([4]) | | | | |
| | | | $mg/m^3$ ([5]) | csm ([6]) | f/ml ([7]) | $mg/m^3$ ([5]) | Csm([6]) | f/ml([7]) | | |
| Aicriolaimíd | 201-173-7 | 79-06-1 | 0,1 | _ | _ | _ | _ | _ | craiceann([10]) | |
| 2-Nítreaprópán | 201-209-1 | 79-46-9 | 18 | 5 | _ | _ | _ | _ | _ | |
| o-Tolúidín | 202-429-0 | 95-53-4 | 0,5 | 0,1 | _ | _ | _ | _ | craiceann([10]) | |
| 4,4'-Mheitiléindi-ainilín | 202-974-4 | 101-77-9 | 0,08 | _ | _ | _ | _ | _ | craiceann([10]) | |
| Eipeaclóraihidrin | 203-439-8 | 106-89-8 | 1,9 | _ | _ | _ | _ | _ | craiceann([10]) | |
| Débhróimíd eitiléine | 203-444-5 | 106-93-4 | 0,8 | 0,1 | _ | _ | _ | _ | craiceann([10]) | |
| 1,3-Bútaidhé-éin | 203-450-8 | 106-99-0 | 2,2 | 1 | _ | _ | _ | _ | _ | |
| Déchlóiríd eitiléine | 203-458-1 | 107-06-2 | 8,2 | 2 | _ | _ | _ | _ | craiceann([10]) | |
| Hiodraisín | 206-114-9 | 302-01-2 | 0,013 | 0,01 | _ | _ | _ | _ | craiceann([10]) | |
| Bróiméitiléin | 209-800-6 | 593-60-2 | 4,4 | 1 | _ | _ | _ | _ | _ | |

| Ainm an oibreáin | Uimh. CE([1]) | Uimh. CAS([2]) | Teorainnluachanna | | | | | | Nodaireacht | Bearta idirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uaire an chloig ([3]) | | | Gearrthéarmach ([4]) | | | | |
| | | | mg/m$^3$ ([5]) | csm ([6]) | f/ml ([7]) | mg/m$^3$([5]) | Csm([6]) | f/ml([7]) | | |
| Sceitheadh astaíochtaí ó innill díosail | | | 0,05* | | | | | | | Beidh feidhm ag an teorainnluach ó…[ceithre bliana tar éis an dáta a dtiocfaidh an treoir leasaitheach seo i bhfeidhm]. Beidh feidhm ag an teorainnluach ón…[ seacht mbliana tar éis an dáta a dtiocfaidh an treoir leasaitheach seo i bhfeidhm] i gcás mianadóireacht faoi thalamh agus tógáil tollán. |

| Ainm an oibreáin | Uimh. CE([1]) | Uimh. CAS([2]) | Teorainnluachanna | | | | | | Nodaireacht | Bearta idirthréimhseacha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | 8 n-uaire an chloig ([3]) | | | Gearrthéarmach ([4]) | | | | |
| | | | mg/m$^3$ ([5]) | csm ([6]) | f/ml ([7]) | mg/m$^3$([5]) | Csm([6]) | f/ml([7]) | | |
| Meascáin de hidreacarbóin aramatacha il-timthriallacha ina bhfuil beinsi[a]piréin ar carcanaiginí iad de réir bhrí na Treorach seo | | | | | | | | | Craiceann([10]) | |
| Olaí mianracha a úsáideadh in innill dócháin inmheánaigh chun na páirteanna a ghluaiseann laistigh den inneall a bhealú agus a fhuarú | | | | | | | | | Craiceann([10]) | |

(1) Is í an uimhir CE, i.e. EINECS, ELINCS nó NLP, uimhir oifigiúil na substainte laistigh den Aontas Eorpach, faoi mar atá sainmhínithe i roinn 1.1.1.2 in Iarscríbhinn VI, Cuid 1, de Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

(2) CAS Uimh: Uimhir Chláraithe na Seirbhíse Achoimreachtaí Ceimiceán.

(3) Arna thomhas nó arna ríomh i dtaca le tréimhse thagartha ocht n-uaire an chloig mar mheán am-ualaithe (TWA).

(4) Teorainn nochta ghearrthéarmaigh (STEL). Teorainnluach nár chóir go dtarlódh nochtadh os a chionn agus a bhaineann le tréimhse 15 nóiméad mura sonrófar a mhalairt.

(5) mg/m3$^3$ = milleagram sa mhéadar ciúbach d'aer ag 20°C agus 101,3 kPa (760 mm de bhrú mearcair).

(6) csm = codanna sa mhilliún de réir toirt aeir (ml/$m^3$).

(7) f/ml = snáithíní sa mhillilítear.

(8) Codán in-ion-análaithe: má mheasctar deannaigh chrua-adhmaid le deannaigh adhmaid eile, beidh an teorainnluach infheidhme i dtaca le gach deannach adhmaid atá sa mheascán sin.

(9) Codán inanálaithe.

(10) D'fhéadfaí go gcuirfí go suntasach le hualach iomlán an choirp trí nochtadh deirmeach.

* Arna tomhas mar charbón eiliminteach.

B FORÁLACHA EILE ATÁ ÁBHARTHA GO DÍREACH

p.m.".